Banc Ceannais na hÉireann
Central Bank of Ireland
Eurosystem

**Athscríbhinn den fhíseán**

# Teideal an Fhíseáin: An féidir leat caimiléir a aithint?

An féidir leat **caimiléir** a aithint?
Tá modhanna **sofaisticiúla** ag caimiléirí chun iarracht a dhéanamh **do chuid airgid agus sonraí pearsanta** a fháil.
I measc na modhanna sin, tá **suíomhanna gréasáin bréige, fógraí ar na meáin shóisialta, téacsanna, glaonna gutháin** agus **ríomhphoist**.
Seans go ndéanfaidh caimiléirí iarracht a áiteamh ort **táirge airgeadais a cheannach nó airgead a infheistiú**.
Nó, b'fhéidir **go ngeallfaidh siad iasacht duit** nó go molfaidh siad duit polasaí árachais **saor** a cheannach - ach i ndáiríre is **polasaí bréige** é.
Má fhaigheann tú téacs, glao gutháin nó ríomhphost **gan choinne**, déan tástáil **SAFE**.

**S – Stop**
**Stop**, smaoinigh & ceistigh:
**Cad** atá á thairiscint ag an ngnólacht seo? **Cé** atá ag déanamh teagmháil liom? **Cá** bhfuair siad mo shonraí teagmhála? An amhlaidh gur **camscéim** é seo?
**A – Athbhreithnigh**
**Athbhreithnigh** an t-eolas atá á thabhairt duit agus seiceáil **cláir ar líne Bhanc Ceannais na hÉireann** chun a fháil amach an gnólacht údaraithe é.

Fiú má **dhealraíonn sé** go bhfuil an gnólacht **údaraithe**, déan cinnte gur gnólacht dílis é agus nach bhfuil **sonraí fíorghnólachta cóipeáilte aige**.

**F – Fíricí a sheiceáil**
**Seiceáil fíricí** na tairisceana. **Ná tabhair sonraí pearsanta** nó ná seol airgead mura bhfuil tú sásta gur **gnólacht údaraithe dílis é**.
**E – É a nochtadh agus a thuairisciú**
Is féidir leat **caimiléirí a nochtadh** ach **iad a thuairisciú dúinne**.

Tá cumhachtaí againn chun imscrúdú a dhéanamh agus **beart a dhéanamh in aghaidh calaoiseoirí airgeadais**.

Cuimhnigh: ní dhéanfaidh **an Banc Ceannais teagmháil leat** chun **airgead, sonraí pearsanta nó uimhir PSP a lorg uait**.

**Tuilleadh eolais:** www.centralbank.ie/sceamalacha